Bord Gáis Energy *samhlaímis*

Sa bhaile

AIBREÁN / BEALTAINE 2010

SAN EAGRÁN SEO

Déan seirbhísiú ar do choire agus **buaigh carr hibrideach Honda nua**

Úsáid do **chuntas ar líne**

Fáilte go Sa bhaile

Tá leideanna iontacha agus athruithe tábhachtacha a bhaineann le do bhille gáis san eagrán seo de Sa bhaile. Tá an t-eolas go léir againn ar chonas a rachaidh **Cáin Charbóin** nua an Rialtais i bhfeidhm ort agus mura bhfuil **seirbhísiú déanta ar do choire le déanaí** ba chóir é a dhéanamh go luath. Tá seans chomh maith duit **carr hibrideach Honda nua iontach a bhuachan** más rud é go bhfaigheann tú seirbhísiú ar do choire sna míonna atá le teacht, féach ar leathanach 4 do thuilleadh sonraí.

Tá eolas ar chonas ar féidir leat am agus airgead a shábháil trí do bhillí gáis nó leictreachais a riar ar líne lenár n-uirlisí um **Bainistiú Cuntais ar Líne**.



TRACY KENNEDY *Ceannasaí Oibríochtaí Custaiméirí*
BORD GÁIS ENERGY

BORD GÁIS ENERGY AGUS AN POBAL

Bord Gáis Energy CAPTURE THE POWER Schools' Photography Competition

Bord Gáis Energy READISCOVER YOUR LOCAL LIBRARY

BORD GÁIS ENERGY IRISH BOOK AWARDS BOOK OF THE DECADE

Conas a rachaidh an Cháin Charbóin i bhfeidhm ar do bhille gáis nádúrtha

Is cáin Rialtais nua í an cháin charbóin a tugadh isteach i mBuiséad 2010 agus a théann i bhfeidhm ar gach foinse astaithe CO_2. Beidh an cháin charbóin gearrtha ar chustaiméirí gáis nádúrtha ón 1 Bealtaine 2010.

CÁIN CHARBÓIN CCanna

Cén fáth a tugadh isteach í?

Ceapann an Rialtas gur chóir cáin charbóin a thabhairt isteach mar shlí éifeachtach chun athrú a spreagadh in úsáid an phobail de tháirgí agus seirbhísí le leibhéal carbóin íseal. **Is é gás nádúrtha an breosla iontaise is glaine** mar bhaineann an t-ábhar carbóin is ísle d'aon bhreosla iontaise le gás.

Cad é ráta na cánach carbóin?

Gearrtar an cháin charbóin ag ráta **€15 in aghaidh an tonna CO_2**. Ciallaíonn sé seo go bhfuil ráta **€0.00277 in aghaidh an kWh** caite (gan CBL san áireamh) ag baint le gás nádúrtha. Tá sé riachtanach do gach soláthraí gáis nádúrtha in Éirinn an táille chánach charbóin a ghearradh ar a chustaiméirí. Tá cáin charbóin faoi réir ráta CBL 13.5%.

Cá háit a mbeidh tuilleadh eolais ar fáil ar an gcáin charbóin?

Beidh an Rialtas ag eisiú ráitis roimh **1 Bealtaine 2010** a thabharfaidh tuilleadh sonraí faoin cháin charbóin. Do thuilleadh eolais ar an modheolaíocht, na figiúirí agus áirimh den cháin charbóin, téigh go **www.revenue.ie**

Sábháil airgid ar théamh do bhaile agus buaigh Honda Insight

Faigh seirbhísiú nó deisiú ar do choire gáis ón 7 Aibreán go dtí an 18 Meitheamh agus d'fhéadfá Honda Insight hibreadach nua a bhuachan, le luach €22,500

Ag coimeád chroílár do bhaile glas agus glan

Is croílár do bhaile é an coire gáis agus caithfear seiceáil agus seirbhísiú a dhéanamh air go rialta chun a dheimhniú go bhfuil sé ag feidhmiú sa slí is fearr. Trí sheirbhísiú a dhéanamh ar do choire, d'fhéadfá a éifeachtacht fhoriomlán a fheabhsú faoi shuas go 10% — rud a dhéanfaidh do choire níos glaise, níos iontaofa agus d'fhéadfá suas go €150* in aghaidh na bliana a shábháil. Mura dreasacht imleor é CO_2 a laghdú agus airgead a shábháil ar do bhille, táimid ag tabhairt an tseans duit Honda Insight nua a bhuachan.†Is é an Insight an carr is déanaí ó Honda, a chuireann éifeachtacht bhreosla iontach ar fáil ó charr leictreach/peitril hibreadach.

† Téann Téarmaí agus Coinníollacha i bhfeidhm. Téigh go bordgaisenergy.ie nó seol iarratas scríofa do chóip chugainn. Níl an comórtas seo oscailte ach amháin do shealbhóirí cuntais Bord Gáis Energy.

Na fáthanna gur chóir duit seirbhísiú a fháil ar do choire

Seo roinnt fáthanna eile gur chóir seirbhísiú a dhéanamh ar do choire.

SÁBHÁIL AIRGID

Le seirbhísiú, beidh do choire níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de, agus dá bhrí sin d'fhéadfá do chostais teasa a laghdú faoi **shuas go €150* in aghaidh na bliana**.

LAGHDAIGH CO_2

Cuirfidh coire seirbhísithe amach **méid níos lú CO_2*** atá ina thairbhe don timpeallacht agus a chabhróidh leatsa lorg carbóin do thí a laghdú.

IONTAOFACHT

Tá seiceáil sábháilteachta mar chuid den tseirbhís choire agus feabhsófar iontaofacht agus sábháilteacht do choire, ag tabhairt **suaimhnis intinne** duit go bhfuil croílár do bhaile ag gníomhú go maith.

NA CAIGHDEÁIN IS AIRDE

Tá ár n-obair go léir faoi ráthaíocht† agus faoi árachas†, mar sin nuair a fhaigheann tú seirbhísiú coire uainn, tá tú in ann do shuaimhneas a ghlacadh istoíche, tar éis seirbhísithe a fháil ónár **saineolaithe fuinnimh**

Chun seirbhísiú nó deisiú a shocrú glaoigh ar **1850 632 632** nó logáil isteach go **www.bordgaisenergy.ie** do thuilleadh sonraí

*Foinse: www.seai.ie

An bhfuil an Big Switch déanta agat fós? Téigh go **thebigswitch.ie** do thuilleadh sonraí

TUILLEADH CUMHACHTA DUITSE

Ag úsáid ár seirbhísí ar líne

Más custaiméir gáis nó leictreachais chónaithe thú, d'fhéadfá am agus airgead a shábháil tríd ár n-uirlisí um Bainistiú Cuntais ar Líne a úsáid.

BAINISTIÚ CUNTAIS AR LÍNE A ÚSÁID

Is féidir rochtain a fháil ar do Chuntas Ar Líne ag aon am le nasc idirlín, a ligfear—

- Do bhille a fheiceáil agus a íoc ar líne.
- Féachaint cathain a bhfaighidh tú an chéad bhille eile.
- Clárú do bhilleáil gan pháipéar agus fógra a fháil nuair atá do bhille ar fáil ar líne.
- Féachaint ar idirbhearta déanaí ar do chuntas.
- Clárú le haghaidh íocaíochta Dochair Dhírigh ar líne.
- Fág aischothú dúinn chun seirbhís níos fearr a thabhairt duit.
- Cuir níos mó ná cuntas amháin ann, úsáideach má tá breis ar réadmhaoin amháin agat.

Murar chláraigh tú cheana féin chun ár seirbhísí ar líne a úsáid, tá sé tapaidh agus éasca é seo a dhéanamh; níl ort ach dul go dtí ***www.bordgaisenergy.ie***